Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**14428/21**

**JEUN 143**
**EDUC 393**
**SOC 700**
**EMPL 525**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13700/21 |
| Ábhar: | Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an bPlean Oibre do Straitéis Óige an Aontais 2022-2024 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn i gceangal leis seo an Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an bPlean Oibre do Straitéis Óige an Aontais 2022-2024, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 29-30 Samhain 2021.

IARSCRÍBHINN

**Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an bPlean Oibre do Straitéis Óige an Aontais 2022-2024**

Tá COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE

Á MHEABHRÚ DÓIBH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. Sa Rún ón gComhairle maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais 2019-2027, iarrtar ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún Eorpach, laistigh dá réimsí inniúlachtaí faoi seach, Straitéis Óige an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtach ar fud an Aontais agus sna Ballstáit trí bhíthin ionstraimí sonracha – lena n-áirítear Pleananna Oibre an Aontais don Óige.

2. Is de réir tréimhsí oibre tríbhliantúla a mhaireann dhá thréimhse uachtaránachta atá Straitéis Óige an Aontais bunaithe. Cuirtear na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí do na tréimhsí oibre faoi seach i láthair i bPleananna Oibre an Aontais don Óige. Ba cheart tarraingt ar threoirphrionsabail agus ar thosaíochtaí na Straitéise seo sna pleananna sin, lena dtabharfaí aghaidh ar shaincheisteanna i leith na hóige i bhfoirmíochtaí eile de chuid na Comhairle agus i gcomhlachtaí ullmhúcháin i réimsí ábhartha beartais.

3. Ionstraim is ea Plean Oibre an Aontais a fheidhmíonn mar threoir lena léirítear do na Ballstáit, don Choimisiún agus do na geallsealbhóirí uile an chaoi le cuspóirí Straitéis Óige an Aontais a bhaint amach.

TUGANN SIAD AN MÉID SEO A LEANAS DÁ nAIRE:

4. Tarraingíonn an Chomhairle suas na Pleananna Oibre sin de chuid an Aontais bunaithe ar an réamhaisnéis a fuair na foirne trí uachtaránacht ó na tíortha seo a leanas: An Fhrainc, Poblacht na Seice agus an tSualainn, chomh maith leis an Spáinn, an Bheilg agus an Ungáir.

5. Tá athbhreithniú le déanamh le linn an chéad leath de 2023 ar na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí a chuirtear i láthair sa chlár oibre tríbhliantúil sin (arna ullmhú ag na foirne trí uachtaránacht le linn na tréimhse 2022-2024, san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn) agus formheasfaidh an Chomhairle agus na Ballstáit an t-athbhreithniú ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2023.

6. Is féidir leis an gCoimisiún tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát a leagtar amach sa Phlean Oibre seo agus iad a chomhlánú, go háirithe tríd an gcomhar a spreagadh, trí thacú le soghluaisteacht daoine óga agus oibrithe don óige agus trí dhaoine óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa saol daonlathach. Is féidir na huirlisí a forbraíodh chun tacú le cur chun feidhme Straitéis Óige an Aontais a shlógadh de réir mar is iomchuí. Áirítear leo sin Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh, Ardán an Aontais don Straitéis Óige, Tairseach Eorpach na hÓige, Comhordaitheoir Eorpach na hÓige agus gníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí (grúpaí saineolaithe, gníomhaíochtaí piarfhoghlama (PLA) agus an phiarchomhairleoireacht). Tacaítear leis sin trí nuashonruithe rialta a dhéanamh ar na pleanálaithe náisiúnta gníomhaíochta a bheidh ann amach anseo, ar an vicí don óige, ar tháscairí óige, ar shuirbhéanna, ar staidéir agus ar thaighde. Treisítear an tacaíocht a thuilleadh trí chomhpháirtíochtaí agus tríd an gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile, go háirithe le Comhairle na hEorpa agus trí na cláir i réimse na hóige (go háirithe Erasmus+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach).

7. Príomhphointe ar leith atá sa Phlean Oibre sin ná Bliain Eorpach na hÓige in 2022, agus déanfar torthaí agus oidhreacht na Bliana sin a chothú agus a chur chun cinn leis an bPlean Oibre go dtí 2024. Spreagfar daoine óga a thuilleadh, dá bharr, chun rannchuidiú ar mhaithe le forbairt an Aontais agus na sochaí i gcoitinne a mhúnlú, lena n-áirítear mar chuid den Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa agus de Thionscnamh nua Eorpach Bauhaus. Músclófar feasacht dá bharr, maidir leis na deiseanna do dhaoine óga chomh maith leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil dóibh ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil.

## Plean oibre do Straitéis Óige an Aontais 2022-2024[1]

| Dáta | Modh oibre/ionstraim | Sprioc tháscach agus aschur táscach | Na spriocanna gaolmhara don **ó**ige | Nasc leis an gCreat chun Clár Oibre Eorpach don Obair Óige a bhunú[2] | Arna mholadh ag |
|---|---|---|---|---|---|
| FR, CZ, SE<br>Ábhar foriomlán: 'Rannpháirtíocht chomhchoiteann ar mhaithe le hEoraip atá inbhuanaithe, cuimsitheach'<br>Spriocanna Eorpacha don Óige: #3 SOCHAITHE CUIMSITHEACHA agus #10 EORAIP GHLAS INBHUANAITHE | | | | | |

1 Arna thiomnú ag Uachtaránacht na Slóivéine ar bhonn an doiciméid arna ullmhú ag an gCoimisiún maidir le *Possible actions for a future EU Work Plan for Youth for 2019-2021* [Gníomhaíochtaí féideartha le haghaidh Plean Oibre de chuid an Aontais don Óige do 2019-2021 amach anseo] (ST-9264-2018-ADD-1-EN) agus an réamhaisnéis a fuair na foirne trí uachtaránacht: FR-CZ-SE agus ES-BE-HU.

2 Féach an Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an gCreat chun Clár Oibre Eorpach don Obair Óige a bhunú (2020/C 415/01).

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2022 (an 1ú leath) | (*b'fhéidir*) Conclúidí ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht daoine óige le haghaidh forbairt inbhuanaithe (teideal oibre) | Glacadh ag an gComhairle<br>Lucht ceaptha beartas agus geallsealbhóirí in earnáil na hóige a spreagadh chun tuairimí daoine óga a chur san áireamh agus cur ar a gcumas a bheith ina ngníomhaithe i mbeartais phoiblí agus i gcláir a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe agus le comhrac an athraithe aeráide. | Eoraip ghlas inbhuanaithe | §10a | FR |
| 2022 (an 1ú leath) | (*b'fhéidir*) An Moladh ón gComhairle maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga ar fud an Aontais Eorpaigh a nuashonrú | Glacadh ag an gComhairle<br>Acmhainneacht Chláir Óige an Aontais a neartú maidir le teagmháil a dhéanamh le daoine óga agus cuidiú leo pobal a thógáil. | Fairsinge agus rannpháirtíocht do chách<br>An tAontas a nascadh leis an óige<br>Eagraíochtaí óige agus cláir Eorpacha | | FR, (COM) |
| 2022 (an 1ú leath) | *(b'fhéidir)* Cruinniú neamhfhoirmiúil na n-airí óige agus oideachais | Malartú dea-chleachtas.<br>Rannpháirtíocht na hóige maidir le saincheisteanna forbartha inbhuanaithe. | Eoraip ghlas inbhuanaithe | §10a | FR |
| 2022 (an 1ú leath) | *(b'fhéidir)* Comhdháil/seimineár maidir le rannpháirtíocht daoine óga | Malartú dea-chleachtas idir saineolaithe maidir le rannpháirtíocht na hóige.<br>Obair leantach a dhéanamh ar an 8ú timthriall agus ar an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. | Fairsinge agus rannpháirtíocht do chách<br>An tAontas a nascadh leis an óige | §10e | FR |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2022 (an 2ú leath) | Conclúidí ón gComhairle maidir le gné idirghlúine a chothú i gceapadh beartas don óige (teideal oibre) | Glacadh ag an gComhairle<br><br>Na hábhair imní a bhaineann le daoine óga an lae inniu agus leis na glúine atá le teacht a chomhtháthú ar bhealach níos córasaí sa cheapadh beartas.<br><br>Éascaíocht a dhéanamh ar aithint na tábhachta a bhaineann le hidirphlé idirghlúine a chur chun cinn chun dlúthpháirtíocht agus ceartas idirghlúine a chothú ar mhaithe le hEoraip láidir ghlas chuimsitheach. | Sochaithe cuimsitheacha | | CZ |
| 2023 (an 1ú leath) | *(b'fhéidir)* Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngné shóisialta d'Eoraip inbhuanaithe ghlas | Glacadh ag an gComhairle<br><br>Moltaí beartais maidir leis an ngné shóisialta d'Eoraip inbhuanaithe ghlas lena gcuirtear chun cinn cuimsiú guthanna agus smaointe na ndaoine óga go léir maidir le forbairt inbhuanaithe. | Eoraip ghlas inbhuanaithe<br><br>Sochaithe cuimsitheacha | §10a<br><br>§26 | SE |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2023 (an 1ú leath) | *(b'fhéidir)* Rún ón gComhairle maidir le torthaí an 9ú Timthriall d'Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh | Glacadh ag an gComhairle<br><br>Achoimre, machnamh agus meastóireacht a dhéanamh ar an 9ú timthriall den Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh. For-rochtain ar fhaisnéis do dhaoine óga imeallaithe a neartú, próiseas/rialachas Chomhdháil Óige an Aontais Eorpaigh agus Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh a fhorbairt a thuilleadh chun feabhas a chur ar an gcuimsiú agus ar an aiseolas. | Eoraip ghlas inbhuanaithe<br><br>Sochaithe cuimsitheacha<br><br>Faisnéis agus idirphlé cuiditheach<br><br>Fairsinge agus rannpháirtíocht do chách | | SE |
| 2023 (1ú leath) | *(b'fhéidir)*<br><br>Athbhreithniú ar an Rún ón gComhairle maidir leis an bPlean Oibre do Straitéis Óige an Aontais 2022-2024 | Athbhreithniú ar an Rún ón gComhairle maidir leis an bPlean Oibre do Straitéis Óige an Aontais 2022-2024 | Sochaithe cuimsitheacha | | SE |

| ES, BE, HU<br>Ábhar foriomlán<br>Sprioc Eorpach don Óige: #3 SOCHAITHE CUIMSITHEACHA[3] | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Modh oibre/Ionstraim | Sprioc tháscach agus aschur táscach | Na Spriocanna Gaolmhara don Óige | Nasc leis an gClár Oibre Eorpach don Obair Óige a bhunú[4] | Arna mholadh ag |

[3] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:42018Y1218(01)&from=NL
Cúlra: Tá aon trian de na daoine óga san Eoraip i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta go háirithe iad siúd nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEET). Is iomaí duine óg nach bhfuil rochtain aige ar a chearta sóisialta, a mbíonn neamhionannais á bhfulaingt aige sa tsochaí nó, go bunúsach, a fhágtar ar lár. Castar an t-idirdhealú iomadúil ar chuid mhór acu agus bíonn an chlaontacht agus fuathchoireanna á bhfulaingt ag cuid mhór acu chomh maith. Ina theannta sin, cruthaíodh leis na feiniméin imirce nua roinnt dúshláin shóisialta agus dúshláin maidir le cuimsiú (lena n-áirítear an bhearna dhigiteach) do dhaoine nuathagtha. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach oibriú chun cearta agus cuimsiú sóisialta na ndaoine óga go léir san Eoraip a chomhlíonadh, lena n-áirítear iad siúd is mó atá imeallaithe agus a eisiatar chun tiomantas an Aontais gan aon duine a fhágáil ar lár a chomhlíonadh.
Sprioc: Cuimsiú na ndaoine óga go léir sa tsochaí a chumasú, a áirithiú agus a chosaint.
Spriocanna:
Cosaint dhlíthiúil a chur ar fáil agus ionstraimí dlí idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm chun gach cineál idirdhealaithe, neamhionannas agus gníomhartha faoi spreagadh an fhuatha a chomhrac, agus é á aithint go bhféadfaí idirdhealú de gach cineál a dhéanamh ar dhaoine óga.
For-rochtain ar fhaisnéis agus teagmháil agus cumarsáid le daoine óga ar lú na deiseanna a bhíonn acu nó iad siúd atá fágtha ar lár a neartú chun a áirithiú go mbeidh siad ar an eolas faoi na deiseanna agus na gníomhaíochtaí atá ar fáil dóibh agus faoi na spásanna ina bhféadfaidh siad a bheith mar chuid den tsochaí agus páirt a ghlacadh inti agus go mbeidh rochtain acu ar na deiseanna, na gníomhaíochtaí agus na spásanna sin.
A áirithiú go mbeidh rochtain chothrom ar thimpeallachtaí agus ar dheiseanna foghlama/oideachais idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil ag gach duine óg ar lú na deiseanna atá aige nó a fhágtar ar lár, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar ghnéithe uile an chuimsithe.
Acmhainneachtaí na n-oideoirí a neartú chun oibriú le daoine óga imeallaithe nó leo siúd atá fágtha ar lár.
Níos mó spásanna, deiseanna, acmhainní agus clár a chur ar fáil chun an t-idirphlé, tuiscint agus an comhtháthú sóisialta a chothú agus chun an t-idirdhealú, an deighilt agus an leithscaradh a chomhrac.
Teidlíocht chun deiseanna agus taithí ábhartha agus fiúntacha agus rochtain orthu a leathnú.

[4] Féach an Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an gCreat chun Clár Oibre Eorpach don Obair Óige a bhunú (2020/C 415/01).

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2023 (an 2ú leath) | *(b'fhéidir)* Conclúidí ón gComhairle maidir le tithíocht chuibhiúil agus inacmhainne do dhaoine óga. | Glacadh ag an gComhairle.<br><br>Conclúidí ón gComhairle maidir le tithíocht chuibhiúil agus inacmhainne do dhaoine óga. | Sochaithe cuimsitheacha | | ES |
| 2023 (an 2ú leath) | *(b'fhéidir)* Comhdháil/Seimineár maidir le fostaíocht chobhsaí a bhfuil pá maith ag dul léi do dhaoine óga. | *(b'fhéidir)* Moltaí beartais<br><br>Malartú dea-chleachtas. | Sochaithe cuimsitheacha | | ES |
| 2023 (an 2ú leath) | *(b'fhéidir)* Comhdháil/seimineár maidir le comhionannas inscne i measc daoine óga. | *(b'fhéidir)* Moltaí beartais<br><br>Malartú dea-chleachtas. | Sochaithe cuimsitheacha | | ES |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2023 (an 2ú leath) | *(b'fhéidir)* Comhdháil/seimineár maidir le tionchar an athraithe aeráide ar chuimsiú. | *(b'fhéidir)* Moltaí beartais<br><br>Malartú dea-chleachtas. | Sochaithe cuimsitheacha | | ES |
| 2023 (an 2ú leath) | *(b'fhéidir)* Comhdháil/Seimineár maidir le deiseanna don óige i gceantair thuaithe. | *(b'fhéidir)* Moltaí beartais<br><br>Malartú dea-chleachtas. | Sochaithe cuimsitheacha | | ES |
| 2023 (an 2ú leath) | Ábhar a chinnfear as measc na gceann a shainaithneofar ag na Comhdhálacha/seimineáir | Comhdháil Óige an Aontais | Sochaithe cuimsitheacha | | ES |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2023 (an 2ú leath) | *(b'fhéidir)* Comhdháil/seimineár maidir le cearta LGBTI daoine óga. | *(b'fhéidir)* Moltaí beartais<br><br>Malartú dea-chleachtas. | Sochaithe cuimsitheacha | | ES |
| 2023 (an 2ú leath) | *(b'fhéidir)* Comhdháil/Seimineár maidir le daoine óga faoi mhíchumas. | *(b'fhéidir)* Moltaí beartais<br><br>Malartú dea-chleachtas. | | | ES |
| 2023 (an 2ú leath) | *(b'fhéidir)* Comhdháil/seimineár maidir le himpleachtaí Chlár 2030 agus na todhchaí do dhaoine óga. | (b'fhéidir) Moltaí beartais<br><br>Malartú dea-chleachtas. | Sochaithe cuimsitheacha | | ES |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2023 (an 2ú leath) | *(b'fhéidir)* Comhdháil/Seimineár maidir le cur chun feidhme an Mholta maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga san Aontas | *(b'fhéidir)* Moltaí beartais<br><br>Malartuithe taithí | Sochaithe cuimsitheacha<br><br>An tAontas a nascadh leis an óige<br>Cláir Óige an Aontais | | COM agus ES |
| 2024 (an 1ú leath) | *(b'fhéidir)* Comhdháil neamhfhoirmiúil na n-airí nó cruinniú ardleibhéil | Meastóireacht mheántéarmach ar Straitéis Óige an Aontais 2019-2027[5] | Na Spriocanna Uile don Óige | §13 (a) Cumhacht/cáilíocht, nuálaíocht, aitheantas<br>§36 | COM agus BE |

5 Ba cheart don Díorma Taighdeoirí Eorpacha Óige (PEYR) ionchur a chur ar fáil maidir le meastóireacht ar phróiseas agus ar mhodheolaíocht na dtimthriallta a bhí ann roimhe sin d'Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh agus maidir leis an gcaoi ar cumhdaíodh Spriocanna Eorpacha don Óige chun an dara leath den Straitéis a phleanáil agus a sholáthar.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2024 (an 1ú leath) | *(b'fhéidir)* Conclúidí ón gComhairle maidir le gan aon duine a fhágáil ar lár (?) réamhtheideal | Glacadh ag an gComhairle<br><br>Conclúidí ón gComhairle 'maidir le gan aon duine a fhágáil ar lár: an bealach a réiteach chun cuimsiú sóisialta na ndaoine óga go léir a bhaint amach'[6] | Sochaithe cuimsitheacha | §3<br>§4<br>§5<br>§6<br>§10 (d)<br>§13 (b)<br>§16<br>§19<br>§20<br>§21<br>§22<br>§33 | BE |

6 Céim chun tosaigh féideartha i gcomhar trasearnála leis na hearnálacha sóisialta, fostaíochta, oideachais, sláinte etc. Doiciméid tacaíochta agus cúlra iarrtha ar PEYR.
N.B. Chuir Ursula Von der Leyen i dtreis, ina haitheasc ar Staid an Aontais nach mór tacú leis na daoine óga sin '*a éalaíonn trí na bearnaí*' (spásanna agus droichid?) – (TEAGMHÁIL AGUS NASCADH).

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2024 (1ú leath) | *(b'fhéidir)* Comhdháil maidir le cuimsiú sóisialta daoine óga | Comhdháil Óige an Aontais[7] | Sochaithe cuimsitheacha | §3<br>§4<br>§5<br>§6<br>§10 (d)<br>§13 (b)<br>§16<br>§19<br>§20<br>§21<br>§22<br>§33 | BE |

[7] Tacaíocht iarrtha ar PEYR.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2024 (1ú leath) | *(b'fhéidir)*<br>Comhdháil/Seimineár<br><br>Gníomhaíocht phiarfhoghlama maidir le hobair óige áitiúil<br><br>(Is ansin a chuirtear tús de ghnáth le taithí daoine óga ar obair don óige, agus is ansin a dhéantar an chuid is mó den obair óige.) | Moltaí beartais<br><br>Coimre dea-chleachtas<br><br>Ailíniú leis an gClár Oibre Eorpach don Obair Óige/le Próiseas Bhonn<br><br>I gcomhar le 'Europe goes local' agus 'Democracy reloading' (le deimhniú)<br><br>Treoracha don Todhchaí ina leagtar síos an 'tairiscint maidir le hobair óige áitiúil' mar an chéad cheann de thrí mhír faoin gceannteideal 'Obair óige a sholáthar'. De réir Phointe 7 den Dearbhú Deiridh ón 3ú Coinbhinsiún Eorpach maidir le hObair Óige 'ba cheart, dá bhrí sin, a áireamh i dtairiscint bhunúsach maidir le hobair óige straitéis shoiléir chun cuimsiú sóisialta agus éagsúlacht a fheabhsú i measc daoine óga rannpháirteacha'[8].<br><br>Meastóireacht ar an staid ina bhfuilimid i dtaca le Treoracha don Todhchaí a chur chun feidhme agus cuspóirí a shainaithint le haghaidh an chéad Choinbhinsiúin Eorpaigh eile maidir le hObair Óige. | Eagraíochtaí óige agus cláir Eorpacha<br><br>Sochaithe cuimsitheacha | §3<br>§8<br>§10 (a)<br>§10 (c)<br>§10 (e)<br>§13 (b)<br>§13 (c)<br>§14<br>§16<br>§17<br>§18<br>§19<br>§20<br>§21<br>§22<br>§23<br>§24<br>§25<br>§27<br>§34<br>§38<br>§39 | BE |

8 I ndlúthchomhar leis an gcomhpháirtíocht idir an Coimisiún Eorpach agus Comhairle na hEorpa i réimse na hóige agus an Comhphobal cleachtais maidir leis an gClár Oibre Eorpach don Obair Óige. Iarrtar ar PEYR tacaíocht a thabhairt freisin.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2024 (1ú leath) | *(b'fhéidir)* Comhdháil/Seimineár maidir le 'child friendly cities' (i gcomhar leis an líonra InterCity Youth) | *(b'fhéidir)* Moltaí beartais<br><br>Malartú dea-chleachtas (a gcuid oibre á roinnt ag an lipéad 'child friendly cities' & ag Príomhchathracha Óige na hEorpa)<br><br>I gcomhréir leis an méid seo a leanas: *(b'fhéidir)* Comhdháil/Seimineár/Gníomhaíocht Phiarfhoghlama maidir le hobair óige áitiúil. | Fairsinge agus rannpháirtíocht do chách<br><br>Sochaithe cuimsitheacha | | BE |
| 2024 (an 1ú leath) | *(b'fhéidir)* Comhdháil/seimineár maidir le 'an ceart a bheith ag súgradh' agus an nasc leis an bhfoghlaim (foghlaim fhoirmiúil, neamhfhoirmeálta agus neamhfhoirmiúil) | *(b'fhéidir)* Moltaí beartais<br><br>Malartú dea-chleachtas<br><br>Nasc féideartha le comhdháil/seimineár/gníomhaíocht phiarfhoghlama maidir le hobair óige áitiúil | Fairsinge agus rannpháirtíocht do chách<br><br>Foghlaim Ardcháilíochta<br><br>Sochaithe cuimsitheacha | §1<br>§2<br>§4<br>§5 | BE |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2024 (1ú leath) | *(b'fhéidir)* Rún ón gComhairle maidir le hobair óige áitiúil | Glacadh ag an gComhairle<br><br>Obair óige áitiúil a chur chun cinn (cleachtas)[9] | Na Spriocanna Uile don Óige | §3<br>§8<br>§10 (a)<br>§10 (c)<br>§10 (e)<br>§13 (b)<br>§13 (c)<br>§14<br>§16<br>§17<br>§18<br>§19<br>§20<br>§21<br>§22<br>§23<br>§24<br>§25<br>§27<br>§34<br>§38<br>§39 | BE |

9 Tuigeann BE go bhféadfadh teannas a bheith ann idir inniúlacht an Aontais agus prionsabal na coimhdeachta ach is é bunchloch phróiseas Bonn go dtiocfadh 'ón mbarr anuas' agus 'ón mbun aníos', agus a mhalairt, le chéile. Is féidir leis an Aontas cabhrú le hobair óige áitiúil trí gníomhaíochtaí tacaíochta, comhordaithe nó forlíontacha a dhéanamh.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2024 (1ú leath) | *(b'fhéidir)* Comhdháil/seimineár maidir le hinniúlachtaí/oideachas agus oiliúint a aithint (ag brath ar fhócas agus leanúint den obair arna déanamh ag Uachtaránachtaí FI nó FR?) | | | §14<br>§18<br>§20<br>§21<br><br>#5 de na Treoracha don Todhchaí | BE |
| 2024 (1ú leath) | *(b'fhéidir)* Comhdháil/seimineár maidir le meastóireacht agus nuashonrú ar chláir oibre Eorpaigh agus idirnáisiúnta maidir le leanaí, leis an óige agus le cearta leanaí | Meastóireacht agus moltaí<br><br>Glacadh ag an gComhairle<br><br>Conclúidí ón gComhairle a nuashonrú | Faisnéis agus idirphlé cuiditheach | | BE (agus *b'fhéidir* COM) |
| 2024 (1ú leath) | *(b'fhéidir)* Comhdháil/seimineár ar na hábhair seo a leanas: léarscáileanna i leith na hóige; Monatóir am fóillíochta; taighde suimiúil ó JOP (*JeugdOnderzoeksPlatform* [Ardán Taighde na hÓige]). | *(b'fhéidir)* Moltaí beartais<br><br>Malartú dea-chleachtas (e.g. maidir le táscairí náisiúnta don bheartas óige i ndáil le Raon Táscairí nua an Aontais) | | §10 (c)<br>§39 | BE |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2024 (an 2ú leath) | *(b'fhéidir)* Rún ón gComhairle maidir leis an 10ú timthriall d'Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh | Glacadh ag an gComhairle | Fairsinge agus rannpháirtíocht do chách | §1<br>§2<br>§6<br>§21<br>§22 | HU |
| 2024 (an 2ú leath) | *(b'fhéidir)* Conclúidí ón gComhairle maidir le dálaí a chruthú lenar féidir le daoine óga barr a gcumais a bhaint amach i gceantair thuaithe. | Glacadh ag an gComhairle | Óige na tuaithe a chur chun cinn | §1<br>§2<br>§5<br>§13 (d)<br>§21<br>§26 | HU |
| 2024 (an 2ú leath) | Comhdháil maidir le tosaíochtaí na foirne trí Uachtaránacht /modh oscailte comhordúcháin | Comhdháil Óige an Aontais agus cruinniú Ard-Stiúrthóireachta<br>An toradh deiridh ar an timthriall d'Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh faoi Uachtaránacht foirne ES-BE-HU | Sochaithe cuimsitheacha<br>Fairsinge agus rannpháirtíocht do chách<br>Óige na tuaithe a chur chun cinn | §1<br>§2<br>§6<br>§13 (b)<br>§19<br>§21 | HU |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2024 (an 2ú leath) | (Comhdháil) Ócáid ar lena linn a dhéanfar achoimriú, athbhreithniú agus meastóireacht ar na chéad 10 dtimthriall d'Idirphlé Óige (Struchtúraithe) an Aontais Eorpaigh. | Forléargas ar na 10 dtimthriall d'Idirphlé Óige (Struchtúraithe) an Aontais Eorpaigh | Fairsinge agus rannpháirtíocht do chách<br>Faisnéis agus idirphlé cuiditheach | §1<br>§2<br>§6<br>§26 | HU, ES, BE, (*b'fhéidir*. COM) |
| 2024 (an 2ú leath) | Seimineár maidir le huirlisí chun dálaí a chruthú lenar féidir le daoine óga barr a gcumais a bhaint amach i gceantair thuaithe. | Malartú dea-chleachtas ar an leibhéal idirearnála agus idirinstitiúideach<br>Moltaí a cheapadh. | Óige na tuaithe a chur chun cinn<br>Fairsinge agus rannpháirtíocht do chách<br>Eagraíochtaí óige agus cláir óige Eorpacha<br>Foghlaim ardcháilíochta. | §1<br>§5<br>§ 11<br>§13 (a)<br>§24<br>§33<br>§37. | HU (agus *b'fhéidir* COM) |